# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil

| | |
|---|---|
| Uimhir Aitheantais TUSLA: | TU2015KY092 |

| | |
|---|---|
| Ainm na Seirbhíse: | Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Bhaile an Fheirtéaraigh |

| | |
|---|---|
| Seoladh na Seirbhíse: | Baile an Fheirtéaraigh Thiar, Trá Lí, Co. Chiarraí |

| | |
|---|---|
| Éirchód: | V92 TR99 |

| | |
|---|---|
| Ainm an tSoláthraí Chláraithe: | Ray Mac Pháidin |

| | |
|---|---|
| Cineál na Seirbhíse | Lá Iomlán, Páirtaimseartha, Seisiúnach |

| | |
|---|---|
| Dáta(í) na Cigireachta: | 16/08/2023 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Líon na leanaí réamhscoile: | AM | 8 | PM | 8 |

| | |
|---|---|
| Seoladh Chigireacht na Luathbhlianta | Áras an Phobail, Lána an Déin, Trá Lí, Co. Chiarraí |
| Cigireacht arna déanamh ag: | N. Reidy |
| Teideal: | Cigire na Luathbhlianta |

| Údarás chun cigireacht a dhéanamh |
|---|
| Déanann Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla cigireacht ar Sheirbhísí Luathbhlianta faoi Alt 58(J) den Acht um Chúram Leanaí, 1991 (arna chur isteach le hAlt 92 den Acht fán nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013). |

| | |
|---|---|
| Coinníollacha, má bhaineann le hábhar | Ní bhaineann |

# Tuarascáil Rialála Chigireacht na Luathbhlianta Réamhscoil



## Cur síos ar an tseirbhís

Is seirbhís luathbhlianta phobalbhunaithe é Ionad Tacaíochta Teaghlaigh Bhaile an Fheirtéaraigh atá cláraithe chun cúram seisiúnach, cúram páirtaimseartha agus cúram lae iomlán a sholáthar do leanaí idir 1 bhliain d'aois agus 6 bliana d'aois. Feidhmíonn an tseirbhís óna 8am go dtí a 6 pm, Luan go hAoine. Tá 2 sheomra cúraim sa tseirbhís, chomh maith le háiteanna spraoi iniata lasmuigh a bhfuil rochtain dhíreach orthu ó gach ceann de na seomraí cúraim.

## Soláthar foirne

Tá ochtar daoine fásta fostaithe sa tseirbhís agus oibríonn seisear díobh sín go díreach leis na leanaí. Ní oibríonn an soláthraí cláraithe sa tseirbhís leis na leanaí.

## Modheolaíocht

Is í Cigireacht na Luathbhlianta, Tusla, rialtóir reachtúil neamhspleách ar sheirbhísí luathbhlianta in Éirinn. Sainmhínítear i Rialacháin an Achta um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) 2016 dualgas an tsoláthraí chláraithe sábháilteacht agus folláine leanaí a chinntiú agus cloí leis na riachtanais seo. Tugann an tAcht seo údarás do Tusla measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh leis na rialacháin. Is é is aidhm le rialáil maidir le seirbhísí óige ná a chinntiú go seastar le cúram, sábháilteacht, agus folláine na leanaí a fhreastalaíonn ar na seirbhísí seo.
Pleanáiltear cigireachtaí ar sheirbhísí luathbhlianta bunaithe ar na pointí seo a leanas:

- Stair chigireachta na seirbhíse
- Eolas ar bith a fhaightear maidir leis an tseirbhís

Tá torthaí na cigireachta bunaithe ar:

- Eolas a fhaightear trí dhoiciméid a imscrúdú
- Breathnú díreach
- Plé le baill foirne ábhartha

Ba chigireacht neamhfhógartha é seo a díríodh ar rialachas/sláinte, folláine agus forbairt an linbh/sábháilteacht/áitreabh agus saoráidí lena linn. Féadfaidh cigireachtaí díriú ar réimsí eile chomh maith, de réir mar is gá.
Leagtar amach torthaí na cigireachta sa tuarascáil maidir leis an gcigireacht a eisítear mar dhréacht-tuarascáil ar dtús chuig an tseirbhís, agus bíonn deis ag an tseirbhís freagra a thabhairt ar thorthaí ar bith a luaitear inti. I gcás go sainaithnítear nach bhfuil ceanglais reachtúla á gcomhlíonadh, ní mór don soláthraí cláraithe léiriú a thabhairt ar an mbealach a réitíodh an neamhchomhlíonadh agus mar a chuirfear cosc ar an neamhchomhlíonadh amach anseo. Úsáidfear an plean um Ghníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach (CAPA) chun bonn eolais a chur

le cinntí maidir le comhlíonadh le ceanglais rialála. I gcás nach n-éiríonn leis an soláthraí cláraithe na ceanglais reachtúla a chomhlíonadh, féadfar próiseas géaraithe a thosú.

Forchoimeádann an Chigireacht an ceart chun eagarthóireacht a dhéanamh ar fhreagraí a fhaightear ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear soiléireacht; iomláine; agus chun próisis riaracháin agus dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is í an chigireacht a chuireann an tuarascáil le chéile.

**Buíochas**

Ba mhaith leis an gcigire buíochas a ghabháil leis an duine i bhfeighil, leis an bhfoireann agus leis na leanaí a bhí i láthair ar lá na cigireachta as a gcomhoibriú.

**Cuid III – Bainistíocht agus Foireann**

**Rialachán 9 – Bainistíocht agus earcaíocht**

*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe gur duine oiriúnach inniúil gach fostaí, gach oibrí nach n-íoctar agus gach conraitheoir, agus cineál na riachtanas a bhíonn ar leanaí á chur san áireamh, lena n-áirítear trí na nithe seo a leanas a dhéanamh–*

*(a) breithniú ar theistiméireacht ó fhostóirí an duine san am a caitheadh, más ann, agus go háirithe ar theistiméireacht ón bhfostóir is déanaí, más ann,*

*(b) breithniú ar theistiméireachtaí ó fhoinsí iontaofa i gcás duine nach raibh aon fhostóirí air nó uirthi san am a caitheadh,*

*(c ) breithniú ar an nochtadh grinnfhiosrúcháin a fuarthas ó Bhiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána de réir Acht 2012 i leith an duine, agus*

*d) a chinntiú, a mhéid is indéanta, go soláthróidh duine, i gcás go raibh cónaí ar an duine i stát seachas an Stát ar feadh tréimhse ab fhaide ná 6 mhí as a chéile, grinnfhiosrúchán ag póilíní ó na húdaráis phóilíneachta sa stát sin.*

*(3) Déanfar na nósanna imeachta a shonraítear i mír (2) a chur i gcrích sula ndéanfar aon duine a cheapadh nó a shannadh nó sula gceadófar dó nó di rochtain a bheith aige nó aici ar leanbh nó teagmháil a bheith aige nó aici le leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*

*(4) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, gan dochar do ghinearáltacht mhír (2) agus faoi réir mhíreanna (5) agus (6), go sealbhaíonn gach fostaí a bhíonn ag obair go díreach le leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís, mórdhámhachtain i gCúram agus Oideachas Luath-Óige ar Leibhéal 5 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí nó cáilíocht a mheasfaidh an tAire a bheith coibhéiseach léi sin, ar a laghad.*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(2) Dheimhnigh an duine i bhfeighil go raibh ochtar daoine fásta fostaithe sa tseirbhís agus rinneadh athbhreithniú ar na taifid earcaíochta a bhain leis an ochtar sin.

(a) Bhí 10 dteistiméireacht agus bailíochtú i scríbhinn ar comhad ó iarfhostóir.

(b) Bhí 6 theistiméireacht agus bailíochtú i scríbhinn ar comhad ó fhoinse eile seachas iarfhostóir.

(c) Bhí Nochtadh Grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána ar comhad maidir le gach duine de na hochtar daoine fásta.

(d) Bhí grinnfhiosrúchán póilíní ar comhad le haghaidh duine fásta amháin a bhí tar éis cónaí lasmuigh den dlínse ar feadh tréimhse ní b'fhaide ná 6 mhí as a chéile.

(3) Cuireadh na nósanna imeachta a shonraítear i mír (2) i gcrích sula ndearnadh aon duine a cheapadh nó a shannadh nó sula gceadaíodh dó nó di rochtain a bheith aige nó aici ar leanbh nó teagmháil a bheith aige nó aici le leanbh a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.

(4) Bhí cáilíochtaí um chúram leanaí ag leibhéal 5 agus os a chionn ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí ag na baill foirne a bhí ag obair go díreach leis na leanaí.

## Cuid III – Bainistíocht agus Foireann

### Rialachán 11 - Leibhéil Foirne

*Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh gach tráth líon leordhóthanach de dhaoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.*

*(2) Faoi réir mhír (4) agus (5), cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhíse réamhscoile seisiúnaí go gcomhlíonfar gach tráth an cóimheas íosta idir daoine fásta agus leanaí a shonraítear i gcolún (3) de Chuid 1 de Sceideal 6 os coinne uimhir thagartha áirithe a shonraítear i gcolún (1) den Chuid sin i leith raon aoise na leanaí a shonraítear i gcolún (2) den Chuid sin ag an uimhir thagartha sin.*

*(8) Gan dochar do mhíreanna (2) go (7)-*

*(a) cinnteoidh soláthraí cláraithe seirbhísí réamhscoile seachas seirbhís feighlíochta leanaí nó seirbhís réamhscoile seisiúnach go bhfuil 2 dhuine fásta ar a laghad san áitreabh i gcónaí,*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

(1) Chinntigh an soláthraí cláraithe go raibh go leor daoine fásta ag obair go díreach leis na leanaí i gcónaí.

(2) Bhí an naíolann oscailte lá na cigireachta agus bhí an Naíonra dúnta do laethanta saoire an tsamhraidh.

| |
|---|
| Bhí beirt bhall foirne ag tabhairt aire do sheachtar leanbh idir 1 bhliain d'aois agus 3 bliana d'aois a bhí ag freastal ar bhonn cúraim lae iomlán.<br>Bhí an cóimheas ceart idir na daoine fásta agus na leanaí.<br>(8)(a) Chinntigh an soláthraí cláraithe go raibh beirt daoine fásta san áitreabh le linn na n-uaireanta oibríochta. |

| **Cuid IV – Faisnéis agus Taifid** |
|---|
| **Rialachán 16 – Taifead i ndáil le seirbhís réamhscoile** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn ar an bhfaisnéis seo a leanas i ndáil leis an tseirbhís:*<br>*(h) mionsonraí i dtaobh freastal ag gach leanbh réamhscoile ar bhonn laethúil;*<br>*(k) mionsonraí i dtaobh aon tionóisc, aon díobháil nó aon teagmhas a bhainfidh do leanbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| Coinníodh na taifid seo a leanas:<br>(h) mionsonraí i dtaobh freastal gach leanbh réamhscoile ar bhonn laethúil;<br>(k) mionsonraí i dtaobh aon tionóisc, aon díobháil nó aon teagmhas a bhaineann do leanbh agus é/í ag freastal ar an tseirbhís. |

## Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile

### Rialachán 19 - Sláinte, leas agus forbairt linbh

*(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe, le linn dó nó di a bheith ag soláthar seirbhís réamhscoile—*

*(a) go ndéanfar foghlaim, forbairt agus leas gach linbh a urasú laistigh de shaol laethúil na seirbhíse réamhscoile trí na gníomhaíochtaí cuí, an idirghníomhaíocht chuí, na hábhair chuí agus an trealamh cuí a sholáthar, ag féachaint d'aois agus do chéim forbartha an linbh, agus*

**Faisnéis maidir le Comhlíonadh:**

**BUNRIACHTANAIS**

- Ba léir ó na sneaiceanna a chuir na tuismitheoirí ar fáil do na leanaí go raibh bia sláintiúil á chur chun cinn sa tseirbhís, e.g. cístí ríse, iógart le fraocháin ghorma, sútha talún agus bananaí.
- Bhí teacht ag na leanaí ar uisce óil le linn amanna béile agus lasmuigh de chomh maith. Bhí buidéil na leanaí agus iad lipéadaithe ar fáil do na leanaí ar chuntar oibre íseal.
- Bhí roinnt cathaoireacha cothaithe ar leith ar fáil do na leanaí lena n-úsáid ag am béile, chomh maith leis na cathaoireacha ísle ag na boird ísle.
- D'fhan an fhoireann leis na leanaí i rith am béile, dá spreagadh chun ithe agus ag cabhrú leo nuair ba ghá.
- Bhí go leor ama ag na leanaí a gcuid bia a ithe gan deabhadh i dtimpeallacht dheas shuaimhneach.
- Rinneadh freastal ar riachtanas codlata aonair na leanaí agus tugadh béilí tar éis codlata i gcásanna áirithe.
- Ligeadh do shiblíní dul a chodladh ag an am céanna i rith an lae nuair ba ghá.
- Athraíodh clúidíní ar bhonn tráthúil mar ba ghá i rith an lae.
- Tugadh faoi deara go raibh baill foirne ag léiriú iompraíocht dhearfach, trí fhoighne agus cineáltas a léiriú do na leanaí agus trí na leanaí a chur ar a suaimhneas agus ar a gcompord de réir mar ba ghá. Labhair na baill foirne go deas bog séimh leis na leanaí agus d'éist siad go gníomhach leo.
- Bhí go leor spáis ag na leanaí bogadh timpeall gan bhac. Chonaic an cigire na leanaí ag dul trí na bréagáin éagsúla a bhí ar fáil dóibh go sona sásta agus ag gabháil dá ngníomhaíochtaí roghnaithe.
- Bhí réimse bréagán ar fáil agus bhí teacht ag na leanaí orthu ar na seilfeanna ísle oscailte, ar an urlár agus laistigh de bhoscaí oscailte.
- Bhí na leanaí in ann dul i mbun caitheamh aimsire amuigh faoin aer i gceann amháin de na spásanna iata lasmuigh. Bhí mataí boga fé chois agus ceannbhrat lastuas sa spás áirithe sin. Thug an cigire faoi deara gur chaith na leanaí go léir am san áit spraoi lasmuigh.
- Bhí cathaoir uilleach chompordach do dhaoine fásta ar fáil sa seomra ar mhaithe le suí síos le leanaí chun iad a chur ar a suaimhneas.

| Cuid V - Cúram Linbh i Seirbhís Réamhscoile |
| --- |
| **Rialachán 20 – Saoráidí chun scíth a ligean agus súgradh a dhéanamh** |
| *(1) Faoi réir an Rialacháin seo, cinnteoidh soláthraí cláraithe—*<br>*(b) go mbeidh saoráidí leordhóthanacha oiriúnacha ann chun go bhféadfaidh leanbh réamhscoile a scíth a ligean i gcaitheamh an lae, agus i gcás seirbhís réamhscoile thar oíche, i gcaitheamh an lae agus na hoíche.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| Bhí seomra codlata amháin sa naíolann agus 5 ghnáthchliabhán ann. Cuirtear éadaí leapa aonair (braillíní agus pluideanna) ar fáil do gach leanbh. Bhí leapacha ísle ar fáil sa tseirbhís do na leanaí níos sine chun a scíth a ligean. Ar lá na cigireachta, chonacthas na leanaí ag úsáid na n-áiseanna codlata sa seomra codlata nuair ba ghá leo a scíth a ligean nó dul a chodladh.<br>Bhí suíocháin bhoga agus brat bog ar an urlár sa naíolann, chomh maith le spás fairsing iata ar leith i lár an tseomra, ina raibh mataí boga ar an dromchla agus mataí boga mórthimpeall ar an taobh istigh. Bhí an áit seo oscailte agus bhí teacht ag na leanaí air ar lá na cigireachta. Chonacthas roinnt leanaí ag ligean a scíth ann nó ag glacadh sosa ó ghníomhaíochtaí spraoi agus bhí leanaí eile ag spraoi ann.<br>Bhí na háiseanna codlata oiriúnach chun freastal ar riachtanais na leanaí a bhí i láthair ar bhonn cúraim lae iomlán ar lá na cigireachta. |

| Cuid VI - Sábháilteacht |
| --- |
| **Rialachán 23 - Sláinte, sábháilteacht agus leas linbh a chosaint** |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go ndéanfar gach beart réasúnach chun sláinte, sábháilteacht agus leas linbh réamhscoile a fhreastalaíonn ar an tseirbhís a chosaint agus cinnteoidh sé nó sí go mbeidh timpeallacht na seirbhíse sábháilte.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| **Sábháilteacht Ghinearálta:**<br>▪ Tugadh faoi deara go raibh an príomhdhoras isteach sa naíolann dúnta go daingean.<br>▪ Bhí fál, falla agus geata daingean mórthimpeall ar an áit spraoi lasmuigh.<br>▪ Cinntíodh go raibh oibreáin ghlantacháin stóráilte go sábháilte ar sheilfeanna arda agus laistigh de chófra daingean. |

- Bhí an bosca garchabhrach stóráilte ar sheilf ard sa seomra spraoi, áit nach raibh teacht ag na leanaí air.
- Bhí earraí níocháin na leanaí aonair stóráilte as raon láimhe na leanaí sa seomra athraithe clúidíní.

**Rialú Ionfhabhtuithe:**

- Cuireadh bia somheata na leanaí sa chuisneoir, rud a laghdaigh an baol milleadh bia.
- Chonacthas go raibh fuinneoga ar oscailt sa naíolann, rud a chuir aeráil nádúrtha ar fáil. Bhí meascán d'fhuinneoga oscailte agus aeráil mheicniúil ar fáil sna háiseanna sláintíochta.

**Codladh Sábháilte**

- Taifeadadh teocht an aeir sa seomra codlata ag 20.7 céim Celsius.
- Baineadh bróga agus éadaí seachtracha na leanaí sula ndeachaigh siad a chodladh ar lá na cigireachta.

## Faisnéis maidir le Neamhchomhlíonadh

**Sábháilteacht Ghinearálta:**

1. Ní raibh stráicí sofheicthe curtha ar na painéil ghloine íseal-leibhéil sa naíolann agus bhí baol ann go dtarlódh gortú imbhuailte do leanbh dá bharr.
2. Laistigh den áit spraoi féaraigh lasmuigh, bhí leaca fuinneoige ísle agus barrchaidhpeanna balla ísle a raibh imill ghéara orthu. Bhí baol ann go ndéanfaí díobháil do leanaí dá mbuailfidís ina gcoinne. Fuarthas amach faoin neamhchomhlíonadh seo ag an gcigireacht dheireanach ar 07/07/21. Sheol an soláthraí cláraithe gníomh ceartaitheach isteach á rá go gcuirfí isteach boscaí bláthanna rubair le haghaidh plandála, ach fuarthas le linn na cigireachta seo nach ndearnadh é sin.

**Rialú Ionfhabhtuithe:**

3. Ní raibh aon uisce te ar fáil ag an doirteal sa seomra athraithe clúidíní agus ag na doirtil i gcóiríocht sláintíochta laistigh den naíolann. Chuir sé sin rud bac ar níochán éifeachtach lámh ag baill foirne agus ag na leanaí, rud a mhéadaigh an baol go leathnófaí ionfhabhtuithe.

**Codladh Sábháilte:**

4. Chuir an fhoireann in iúl don chigire go ndéantar seiceálacha fisiciúla gach 10 nóiméad ar leanaí agus iad ina gcodladh agus go gcoimeádtar taifead maidir le suíomh, dath agus anáil na leanaí chomh maith. Mar sin féin, thug an cigire faoi deara nach raibh taifid á gcoimeád gach 10 nóiméad maidir leis na leanaí a bhí ina gcodladh le linn na cigireachta.

## Gníomh arna sheoladh isteach ag an Soláthraí Cláraithe

Luaigh an t-oifigeach forbartha an méid seo a leanas: -

**<u>Gníomh Ceartaitheach agus Gníomh Coisctheach</u>**

**Sábháilteacht Ghinearálta:**

1. Chuir an tseirbhís stráicí sofheicthe ar gach fuinneog. Cinnteoidh an duine i bhfeighil go gcoimeádtar stráicí sofheicthe ar na fuinneoga agus go n-athsholáthrófar iad nuair is cuí.

2. Bhí an tseirbhís le boscaí plandaí a chur os comhair na leaca fuinneoige ísle mar bheart sábháilteachta ach dúradh leo nach mbeidís inbhuanaithe go fadtéarmach. Rinneadh cinneadh i gcomhairle le hinnealtóirí agus conraitheoirí ráille cosanta a shuiteáil. Tá na luachana faighte agus críochnófar na hoibreacha laistigh de 3 mhí chomh luath agus a bheidh an conraitheoir sannta.

Tá iarratas ar dheontas maidir leis na hoibreacha curtha faoi bhráid Roinn na Gaeltachta faoi láthair.

Nuair a shuiteálfar na ráillí, déanfaidh pearsanra cothabhála an fhoirgnimh iad a chothabháil ar bhonn rialta.

**Rialú Ionfhabhtuithe:**

3. Tá an pluiméir tar éis teacht agus seirbhísiú a dhéanamh ar an gcóras uisce sa tseirbhís.

**Codladh Sábháilte**

4. Meabhrófar do na hOideoirí Luathbhlianta a bhfreagrachtaí maidir le seiceálacha codlata a dhéanamh gach 10 nóiméad.

**<u>Doiciméid tacaíochta arna gcur isteach</u>**

**Sábháilteacht Ghinearálta:**

1. Grianghraif de na stráicí sofheicthe agus iad ar na fuinneoga.
2. Luachan don ráille atá beartaithe.

**Rialú Ionfhabhtuithe:**

3. Litir ón bPluiméir ag cur síos ar an obair a rinneadh chun an t-uisce te a dheisiú.

**Codladh Sábháilte**

4. Glactar leis an ráiteas mar fhianaise agus léirigh sampla de thaifid codlata comhlánaithe go ndearnadh seiceálacha codlata gach 10 nóiméad.

**Nóta Tráchta Achomair**

Dúirt an t-oifigeach forbartha go gcuirfeadh sí grianghraif den ráille ar aghaidh nuair a bheidh an obair curtha i gcrích.

Tá an ceanglas maidir leis an rialachán comhlíonta anois.

Déanfar scrúdú ar an méid thuasluaite mar chuid den chéad chigireacht eile.

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 25 - Garchabhair** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh duine atá oilte ar gharchabhair do leanaí ar fáil láithreach i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoil.*<br><br>*(2) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh bosca garchabhrach do leanaí a bhfuil an trealamh cuí ann—*<br>*(a) stóráilte go sábháilte in áit fheiceálach san áitreabh ar féidir teacht air gan dua, agus*<br>*(b) ar fáil i gcónaí do na leanaí a fhreastalaíonn ar an tseirbhís réamhscoile.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1) Bhí oiliúint reatha um Fhreagróirí Garchabhrach curtha ar 6 duine fásta agus bhí na teastais sin ar comhad.<br>(2)<br>(a) Bhí bosca garchabhrach agus na hábhair iomchuí ann stóráilte ar sheilf ard sa naíolann.<br>(b) Bhí na soláthairtí garchabhrach ar fáil go héasca le linn na n-uaireanta oibriúcháin. |

| Cuid VI - Sábháilteacht |
|---|
| **Rialachán 26 - Bearta maidir le sábháilteacht ó dhóiteán** |
| *(1) Cinnteoidh soláthraí cláraithe go gcoimeádfar taifead i scríbhinn—*<br>*(a) ar aon druil dóiteáin a dhéantar san áitreabh, agus*<br>*(b) ar líon, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus na n-aláram deataigh san áitreabh.*<br>*(4) Déanfar fógra i dtaobh na nósanna imeachta a bheidh le leanúint i gcás dóiteáin a chur ar taispeáint in áit fheiceálach san áitreabh.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| (1) Bhí taifead i scríbhinn sa tseirbhís maidir leis na rudaí seo a leanas: -<br>(a) Reáchtáladh gach druil dóiteáin sa tseirbhís. Tharla an druil dóiteáin dheireanach ar 07/07/2023. Dúnadh an naíolann i rith shaoire an tsamhraidh ar feadh coicíse roimh an gcigireacht.<br>(b) Bhí taifead á choinneáil maidir le huimhir, cineál agus taifead cothabhála an trealaimh chun dóiteán a chomhrac agus an t-aláram dóiteáin. Léirigh na taifid ar comhad go ndearnadh an tseiceáil dheireanach ar an aláram deataigh ar an 10/08/2023 agus ar an trealamh chun dóiteán a chomhrac ar an 29/08/2022.<br>(4) Bhí fógra ar taispeáint sa naíolann maidir leis na nósanna imeachta le leanúint i gcás dóiteáin. |

| Cuid VI - Sábháilteacht |
| --- |
| **Rialachán 28 - Árachas** |
| *Cinnteoidh soláthraí cláraithe go mbeidh an tseirbhís réamhscoile faoi árachas leordhóthanach.* |
| **Faisnéis maidir le Comhlíonadh:** |
| Bhí cóip de dheimhniú árachais na seirbhíse ar comhad.<br>I measc na faisnéise a tugadh ar an deimhniú árachais, bhí:<br>• sonraí teagmhála an tsoláthraí árachais.<br>• ainm agus seoladh na seirbhíse faoi árachas<br>• catagóir chumhdaigh árachais na seirbhíse<br>• líon na leanaí a bhí clúdaithe faoin árachas - 35<br>Dáta éaga an chlúdaigh árachais reatha - 27/11/’23. |

# Early Years Inspectorate Regulatory Report
# Pre School

| | |
|---|---|
| **TUSLA Identifier:** | TU2015KY092 |

| | |
|---|---|
| **Name of Service:** | Ionad Tacaiochta Teaghlaigh Bhaile an Fheirtéaraigh |

| | |
|---|---|
| **Address of Service:** | Baile an Fheirtéaraigh Thiar, Trá Lí, Co. Kerry |

| | |
|---|---|
| **Eircode:** | V92 TR99 |

| | |
|---|---|
| **Name of Registered Provider:** | Ray Mac Phaidin |

| | |
|---|---|
| **Service type:** | Full Day, Part Time, Sessional |

| | |
|---|---|
| **Date(s) of Inspection:** | 16/08/2023 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **No of pre-school children:** | AM | 8 | PM | 8 |

| | |
|---|---|
| **Address of the Early Years Inspectorate:** | Áras an Phobail, Deans Lane, Tralee, Co. Kerry. |
| **Inspection undertaken by:** | N. Reidy |
| **Title:** | Early Years Inspector |

| **Authority to Inspect** |
|---|
| The Tusla Early Years Inspectorate carries out inspections of Early Years Services under Section 58(J) of the Child Care Act 1991 (as inserted by Section 92 of the Child and Family Agency Act 2013). |

| | |
|---|---|
| **Conditions if applicable** | Not Applicable |

## Description of service

Ionad Tacaiochta Teaghlaigh, Baile an Fheirtéaraigh is a purpose-built community based early years service that is registered to provide sessional, part-time and full day care to children aged between 1 and 6 years. The service operates between the hours of 8 am and 6 pm Monday to Friday inclusive. The service consists of 2 care rooms with designated enclosed outdoor play areas directly accessible from each of the care rooms.

## Staffing

There are 8 adults employed in the service of whom 6 work directly with the children. The registered provider does not work in the service with the children.

## Methodology

Tusla's Early Years Inspectorate is the independent statutory regulator of early years services in Ireland. The Child Care Act 1991 (Early Years Services) Regulations 2016 define the duty of a registered provider to ensure the safety and well- being of children and to comply with these regulations. This Act also gives Tusla the authority to assess compliance with the regulations. The purpose of regulation in relation to early years services is to ensure that the care, safety, and well-being of children attending such services is upheld. Inspections of early years services are planned based on the following:

- Previous inspection history
- Any information received in relation to the service

The findings on inspection are based on:

- Information obtained through examination of documentation
- Direct observation
- Discussion with relevant staff

This inspection was unannounced and focused on the area of governance/ health, welfare and development of child/ safety/ premises and facilities. The inspections may also focus on other areas as required.

Inspection findings are documented in the inspection report which is first issued in draft format to the service with an opportunity to respond to any findings. Where statutory requirements are identified as not being met, the registered provider must demonstrate how they have rectified the non-compliance and will prevent any non - compliance from re occurring. The Corrective Action and Preventive Action plan (CAPA) will be used to inform decisions about compliance with regulatory requirements. Where the registered provider fails to meet the statutory requirements an escalation process may be commenced.

The inspectorate reserves the right to edit responses received for reasons including clarity, completeness and compliance with administrative and legal processes.

The contents of the report are compiled by the inspectorate body.

**Acknowledgments**

The inspector wishes to acknowledge the cooperation of the person in charge, staff and children who were present on the day of the inspection.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 9 – Management and recruitment

*(2) A registered provider shall ensure that each employee, unpaid worker and contractor is suitable and competent taking into consideration the nature of the needs of children, including by-*

*(a) consideration of references from the person's past employers, if any, and in particular the most recent employer, if any,*

*(b) consideration of references from reputable sources in the case of a person who has no past employers,*

*(c) consideration of the vetting disclosure received from the National Vetting Bureau of the Garda Síochána in accordance with the Act of 2012 in respect of the person, and*

*(d) ensuring, insofar as is practicable, that where a person has lived in a state other than the State for a period of longer than 6 consecutive months, he or she provides police vetting from the police authorities in that state.*

*(3) The procedures specified in paragraph (2) shall be carried out prior to any person being appointed, assigned or allowed access to or contact with a child attending the pre-school service.*

*(4) A registered provider shall ensure that, without prejudice to the generality of paragraph (2) and subject to paragraphs (5) and (6), each employee working directly with children attending the service holds at least a major award in Early childhood Care and Education at Level 5 on the National Qualifications Framework or a qualification deemed by the Minister to be equivalent.*

**Compliance Information**

(2) The person in charge confirmed that 8 adults were employed in the service, therefore recruitment records in relation to those 8 adults were reviewed.

(a) 10 written references and validations were on file from a past employer.
(b) 6 written validated references and validations were on file from a source other than a past employer.
(c) A Garda Vetting Disclosure was on file for each of the 8 adults.
(d) Police Vetting was on file for 1 adult who had resided outside the jurisdiction for a period of longer than 6 consecutive months.

(3) The procedures specified in paragraph (2) were carried out prior to any person being appointed, assigned or allowed access to or contact with a child attending the pre-school service.

(4) The adults working directly with the children had attained Quality Qualifications Ireland (QQI) in childcare training at Level 5 and above.

## Part III – Management and Staff

### Regulation 11 - Staffing levels

*(1) Subject to this Regulation, a registered provider shall ensure that there is at all times an adequate number of adults working directly with the children attending the pre-school service.*

*(2) Subject to paragraphs (4) and (5), a registered provider of a full day care service or a part-time day care service shall ensure that at all times the minimum ratio of adults to children specified in column (3) of Part 1 of Schedule 6 opposite a particular reference number specified in column (1) of that Part in respect of the age range of the children specified in column (2) thereof at that reference number is satisfied.*

*(8) Without prejudice to paragraphs (2) to (7)-*

*(a) a registered provider of a pre-school service other than a child-minding service or a sessional pre-school service shall ensure that there are at least 2 adults on the premises at all times,.*

### Compliance Information

(1) The registered provider did ensure that an adequate number of adults were working directly with the children at all times.

(2) The creche was in operation on the day of the inspection the Naíonra was closed for summer recess.

There were 2 staff members caring for 7 children aged between 1 year and 3 years attending on a full day care basis.

The adult child ratio was correct.

(8)(a) The registered provider did ensure that 2 adults are on the premises during the hours of operation.

| Part IV – Information and Records |
|---|
| **Regulation 16 – Record in relation to pre-school service** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of the following information in relation to the service:*<br>*(h) details of attendance by each pre-school child on a daily basis;*<br>*(k) details of any accident, injury or incident involving a pre-school child attending the service.* |
| **Compliance Information** |
| The following records were kept:<br>(h) details of attendance by each child on a daily basis.<br>(k) details of any accident, injury or incident involving a child attending the service. |

| Part V - Care of Child in Pre-school Service |
|---|
| **Regulation 19 - Health, welfare and development of child** |
| *(1) A registered provider shall, in providing a pre-school service, ensure that-*<br>*(a) each child's learning, development and well-being is facilitated within the daily life of the pre-school service through the provision of the appropriate activities, interaction, materials and equipment, having regard to the age and stage of development of the child, and* |
| **Compliance Information** |
| **BASIC NEEDS**<br>• Healthy eating was promoted in the service and this was evidenced through the children's snacks provided by the parents, which included rice cakes, yogurts with blueberries, strawberries and bananas.<br>• Drinking water was accessible to the children both during and outside of the designated mealtimes. The individually labelled drinks bottles were accessible to the children on a low-level worktop.<br>• There were a number of designated feeding chairs available to the children for use at mealtimes as well as the low-level chairs at the low-level tables.<br>• The staff remained with the children throughout the mealtime, assisting and encouraging children to eat.<br>• The children had plenty of time to eat their food in a relaxed unhurried environment.<br>• The children's individual need for sleep was met and meals were supplied after sleep in some cases.<br>• Siblings were accommodated to sleep at the same time during the day as they required it.<br>• Nappy changing took place in a timely manner as was required throughout the day. |

- Staff members were noted to model positive behaviour, through demonstrating patience and kindness towards the children and by providing comfort and reassurance as needed. They spoke to the children in low soft tones of voice coming down to their eye level.
- The children had sufficient space to move about freely, the inspector observed the children happily exploring the various toys on offer and engaging in their chosen activities.
- There was a variety of toys available and accessible to the children on the low-level open shelving, on the floor and within open boxes.
- Outdoor pursuits were facilitated in 1 of the designated enclosed outdoor areas, the area comprising of soft matting underfoot and a canopy area overhead. The inspector observed all the children spent time in the outdoor play area.
- A comfortable adult armchair was in the room to facilitate nurturing and comforting children.

## Part V - Care of Child in Pre-school Service

**Regulation 20 – Facilities for rest and play**

*(1) Subject to this regulation, a registered provider shall ensure that-*

*(b) there are adequate and suitable facilities for a pre-school child to rest during the day, and in the case of an overnight pre-school service, during the day and the night.*

**Compliance Information**

There was 1 designated sleep room located within the creche with 5 standard cots. Individual bed linen (sheets and blankets) is provided for each child. There were low level beds available on the premises for the older children to rest. On the day of the inspection children were observed using the sleep room facilities in the sleep room as children required a rest or sleep.

The creche had soft seating and a soft rug on the floor as well as a spacious designated enclosed area located in the centre of the room, consisting of soft matting surface and the internal surrounds were coated with soft matting. The area was open and accessible to the children on the day of inspection, some children were observed relaxing, taking a break from playing activities and more children played in there.

The sleep facilities were appropriate for meeting the needs for children that were in attendance on a full day care basis on the day of the inspection.

## Part VI - Safety

### Regulation 23 - Safeguarding health, safety and welfare of child

*A registered provider shall ensure that all reasonable measures are taken to safeguard the health, safety and welfare of a pre-school child attending the service and that the environment of the service is safe.*

### Compliance Information

**General Safety:**

main entrance door to the creche was noted to be secur

perimeter of the outdoor play areas was secured by a combination of fencing, walls and secured gates.

storage of cleaning agents was ensured on high level shelving and within secure cupboards.

first aid box was stored on a high-level shelf in the creche that was inaccessible to children.

lren's individual toiletries were stored out of the reach of the children in the nappy changing room.

**Infection Control:**

lren's perishable food was refrigerated, which reduced the risk of food spoilage.

lows were observed to be open in creche which provided a supply of natural ventilation. A combination of o lows and mechanical ventilation was provided in the sanitary facilities.

**Safe Sleep:**

- The air temperature of the sleep room was recorded at 20.7 degrees Celsius.
- Shoes and an outer layer of clothing were removed prior to children going to sleep on the day of inspection.

### Non-Compliance Information

**General Safety:**

1. Visibility strips were not in place on the low-level glass panels in the creche posing the risk of a child sustaining a collision injury.
2. Within the grassed outdoor play area there were low level window ledges, low level wall capping that had sharp edges posing a risk of injury to children on contact. This non-compliance was found on the last inspection of 07/07/'21, the registered provider returned with the corrective action stating that rubber flower boxes used for planting would be installed, however, this was not founded to be the case on inspection.

**Infection Control:**

3. There was no warm water provided at the sink in the nappy changing room and at the sinks in sanitary accommodation within the creche which impeded effective hand washing by the staff and the children, increasing the risk of the spread of infection.

**Safe Sleep:**

4. The staff informed the inspector that 10-minute physical checks are conducted on children who sleep and a record of the position, colour and breathing kept. However, the inspector observed the records were not maintained for the children who slept during the inspection every 10 minutes.

**Action submitted by the Registered Provider**

The development officer stated that: -

**Corrective & Preventive Action**

**General Safety:**

1.The service has applied visibility strips to all windows. The person in charge will ensure that visibility strips are maintained and replaced when appropriate.

2. The service had been due to place plant boxes as a safety measure against the low ledges of the window but were advised against, they wound not have been sustainable, long term. A decision was made in consultation with engineers and contractors to install a protective rail. The quotations have been received and the works will be completed as soon as the contractor is assigned and within 3 months.

A grant application for the works is currently in progress. with Roinn na Gaeltachta.

When in place, the railings will be maintained on a regular basis with the assistance of the building maintenance personnel.

**Infection Control:**

3. The plumber has come and serviced the water system in the service.

**Safe Sleep:**

4. The Early Years Educators will be reminded of their responsibilities to complete sleep checks every 10mins.

**Supporting documentation submitted**

**General Safety:**

1. Photographs of the visibility strips in place.
2. A quotation for the propose railing.

**Infection Control:**

3. A letter from the Plumber stating the work carried out to restore the warm water.

**Safe Sleep:**

4. The statement is accepted as evidence and a sample of completed sleep records demonstrated that sleep checks were conducts every 10 minutes.

**Summary Comment**

The development officer advised that she would forward photographs of the railing when the work is complete.

The requirement for the regulation has been met.

The above will be the subject of inspection at the next inspection.

## Part VI - Safety

### Regulation 25 - First aid

*(1) A registered provider shall ensure that a person trained in first aid for children is, at all times, immediately available to the children attending the pre-school service.*

*(2) A registered provider shall ensure that a suitably equipped first aid box for children-*

*(a) is safely stored in an easily accessible and conspicuous position on the premises, and*

*(b) is available to the children attending the pre-school service at all times.*

**Compliance Information**

(1) 6 adults present had current First Aid Responder training with the certifications on file.

(2)

(a) The first aid box was adequately equipped and was maintained on a high-level shelf in the creche.

(b) The first aid supplies were readily available throughout the hours of operation.

| Part VI - Safety |
| --- |
| **Regulation 26 - Fire safety measures** |
| *(1) A registered provider shall ensure that a record in writing is kept of-*<br>*(a) any fire drill that takes place in the premises, and*<br>*(b) the number, type and maintenance record of fire fighting equipment and smoke alarms in the premises.*<br>*(4) A notice of the procedures to be followed in the event of fire shall be displayed in a conspicuous position in the premises.* |
| **Compliance Information** |
| (1) The service had maintained in writing a record of the following: -<br>(a) Each fire drill had taken place in the service. The last recorded fire drill took place on 7/07/2023. The creche was closed for summer recess for 2 weeks prior to the inspection.<br>(b) A record of the number, type and maintenance checks of the firefighting equipment and the smoke alarm. The records on file demonstrated the last check for the smoke alarm was 10/08/2023 and the firefighting equipment was 29/08/2022.<br>(4) A notice of the procedures to be followed in the event of fire was displayed in the creche. |

| Part VI - Safety |
| --- |
| **Regulation 28 - Insurance** |
| *A registered provider shall ensure that the pre-school service is adequately insured.* |
| **Compliance Information** |
| The insurance certification for the service was on file.<br>The information provided on the insurance certificate included:<br>• the contact details for the insurance provider.<br>• the name and address of the service insured.<br>• the category of insurance cover for the service.<br>• the number of children covered by the insurance was for 35 children.<br>The expiry date of the current insurance cover was 27/11/’23. |